Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11171 — APOLLO MANAGEMENT / ARCONIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 260/06)

1. An 14 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Arconic Corporation ('Arconic', na Stáit Aontaithe);

— Arsenal AIC Parent LLC ('Arsenal Parent', na Stáit Aontaithe), meán infheistíochta atá faoi rialú indíreach cistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Apollo Management, L.P. ('Apollo Management'), fochuideachta Apollo Global Management, Inc. ('Apollo').

Gheobhaidh Apollo rialú aonair ar Arconic ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Apollo réitigh chaipitil do ghnólachtaí agus infheistíonn sé i ngach cuid den struchtúr caipitil. Trína fhochuideachta Altermira, tá sé gníomhach i monarú agus i soláthar táirgí agus easbhrúnna alúmanaim leathchríochnaithe,

— Táirgeann Arconic táirgí alúmanaim i dtrí dheighleog tuairiscithe, ar táirgí cothromrollta alúmanaim iad, easbhrúnna, agus córais foirgníochta agus tógála, a fhreastalaíonn go príomha ar chustaiméirí ar fud na dtionscal aeraspáis, mótarfheithiclí, tráchtála, prásála agus tionsclaíocha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11171 — APOLLO MANAGEMENT / ARCONIC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.